*Deoise na Gaillimhe, Chill Mac Duach & Chill Fhionnúrach*

# FAITH COMMUNITY AREA DISCUSSIONS ON THE FUTURE
## May – June 2023

**AN SPIDÉAL — BEARNA / NA FORBACHA — LEITIRMÓIR — ROSMUC**

**Wednesday 3rd May 2023 — Connemara Coast Hotel, Furbo**

*Cuireadh tús leis an gcruinniú leis an bPaidreacha Sionóide faoi stiúir an Athar Gerard McCarthy SVD*

### AN T-EASPAG MICHEÁL: FÁILTIÚ

Tráthnóna maith agaibh agus fáilte! Ár mbuíochas le sagairt uile an cheantair seo agus libhse atá sásta freastal ar an ócáid seo. Ba mhaith liom ar dtús míniú daobh céard a spreag mé tús a chur leis an bpróiseas seo agus léargas a thabhairt daoibh ar chuid de na cuspóirí a bheas againn.

### CÚLRA

Mí na Bealtaine seo caite, ar lá mo insealbhaithe mar Easpag na Gaillimhe, Chill Mhic Duaigh is Chill Fhionnuarach, labhair mé faoin staid ina bhfuil muid maidir le pobal creidmheach agus an dóchas a bhí agam go gcuirfí tús le comhrá nó agallamh liomsa mar Easpag, na sagairt, lucht Beatha rialta agus sibhse, an pobal, faoin mbealach is fear pleanáil don todhchaí. Mí na Samhna seo caite, bhunaigh mé coiste sagart le féachaint cén chaoi ab fhearr tabhairt faoin obair. Ag tús mhí Feabhra, cuireadh tús leis an bpróiseas nuair a tháinig sagairt na deoise le chéile do chruinniú a mhair dhá lá agus bhí an cruinniú seo again i Rinn na Spáinneach, Co. an Chláir. Aontaíodh nár mhór an comhrá a leathnú amach le go gcloisfí glór phobail na bparóistí. Mar thoradh air seo, roinneadh an deoise in seacht ngrúpa paróisteach agus socraíodh go mbeadh ionadaithe ó na grúpaí éagsúla seo. Níle anseo ach tús an chomrá, déanfar dianphlé ar go leor ceisteanna san am atá amach romhainn.

### DEARCADH DEARFACH DÓCHASACH MAIDIR LEIS AN TODHCHAÍ

Creidim gan dabht go bhfuil muid beannaithe i saol an lae inniu. I mo chroí isitgh, tá mé dóchasach dearfach faoi thodhcaí n hEaglaise. Creidim go bhfuil an Spiorad Naomh Fíorghníomhach inár measc. Creidim go bhfuil síolta nua á gcur, go bhfuil gortghlanadh ar súil agus mar thoradh air seo go bhfeicfear bealaí nua, cosáin nua, a theorós muid ar bhealach ár leasa. Deireadh mo mháthair: " Déanadh tusa do chion agus lig do Dhia an chuid eile a dhéanamh" Ardaíonn sé sin an chéist mhór : Céard é ár gcion i gcomhthéacs na pleanála atá le déanamh maidir lenár bparóistí agus lenár ndeoise.

### NA DÚSHLÁIN REATHA

Seo anois seacht sampla de na dúshláin atá le sárú again, i mo thuairinse.

1) Ar chúiseanna éagsúla, tá meath tar éis teach tar rannpháirtíocht an phobail inár bparóistí le deich mbliana anuas agus tá gach cosúlacht ar an scéal gur in olcas atá an scéal ag dul. Cé gur fíor é seo maidir lenár bparóistí ar fad, tá sé an-fheiceálach ar fad sna paróistí beaga tuaithe i gcomparáid leis na paróistí cathrach.
2) Tá sé le feiceáil go suntasach go bhfuil na ronnpháirtithe atá gníomhach inár bparóistí ag dul in aois. Is minic an fhirínne searbh ach caithfidh muid aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne sin: Is beag duine idir scór agus leathchéad bliain atá le feiceáil sna séipéil go rialta.

3) De thoradh an laghdú rannpháirtíochta agus an pobal ag dul in aois, tá laghdú ar ioncam na bparóistí agus laghdú orthu siúd a bhíodh sásta obair dheonach a dhéanamh.
4) Faoi láthair, níl ábhar sagairt amháin again. Tá ár gcuid sagart ag éirí sean. Sna fiche bliain amach romhainn, ní bheidh againn ach tuairim is fiche sagart deoiseach chun freastal ar cheathracha nó ar dhá scór paróiste gan trácht ar na seirbhísí séiplíneachta sna hospidéil agus an arm. Faoi láthair tá trí pharóiste againn gan sagart cónaitheach agus in olcas atá an scéal sin ag dul.
5) De thoradh ar a bhfuil ráite agam go dtí seo, tá ualach mór oibre ar chuile shagart faoi láthair. Tá athrú mór tar éis teach ar an saol i gcoitinne: caighdeáin níos airde, cúrsaí dlí agus ar uile. Don chéad uair ariamh, tá brú ollmhór ar ár gcuid sagart. Go simplí, ní féidir an t-ualach mór oibre seo a roinnt ar níos lú sagart. Níle sé inmharthanach.
6) Níl rannpháirtíocht tuatach mar thraidisiún again maidir le cur chin cinn an chreidimh, tá géarghá le hoiliúint agus le hoideachas le go mbeadh ról gníomhach ag tuataigh in obair eaglasta.
7) Cé go bhfuil tábhacht mhór le ceiliúradh an Aifrinn agus na sacraimintí agus fiú déileáil le sochraidí – ní foláir aghaidh a thabhairt ar athbheochan an chreidimh i measc na n-óg agus ní foláir cleachtas nua misineach a chothú.

**CUR CHUIGE NUA**

Tá buíochas ollmhór ag dul do na sagairt, lucht na beatha rialta agus do thuataigh a rinne obair na gcapaill le blianta fada anuas. Tá go leor de na struchtúir is na cleachtaí a bhí éifeachtach san am atá caite nach bhfuil chomh torthúil I saol an lae inniu. Cuirfidh mé mar seo é: An dteastaíonn na hAifrinntí ar fad atá againn faoi lathair? An bhféadfaidh níos lú oibre a bheith le déanamh ag an sagart- nó an bhfeadhfadh tuataigh a bheadh oilte tabhairt faoi chuid den obair seo? Cén ról a bheas ag Comhairlí Tréadach Paróistí i múnlú na todhchaí I gcomhthéacs comhpháirtíocht na sagart is na dtuatach agus iad ag obair as láimh a chéile?

An feidir linn na séipéil ar fad atá againn faoi láthair a choinneáil ar oscailt? An féidir linn scaoileadh le cuid de na cúraimí atá againn faoi láthair le go mbeadh muid in ann tabhairt faoi rudaí níos fear- rudaí níos tothúla?

Mura mbeadh an oireach Aifrinntí againn, seans go mbeadh níos mó daoine I láthair, rud a chiallódh ceiliúradh sollúnta machnamhach do chuile dhuine. Cén chaoi gur féidir linn beocht nua spioradálta a dhúiseacht inár bparóistí? An bhféadfadh tuataigh a bheadh oilte ar obair eaglasta I bhfad níos mó a dhéanamh? Cén chaoi a ndéanfar an oiliúnt seo? Cé a dhéanfas í? Cén chaoi a n-íocfar as an oiliúint? Ar cheart dúinn díriú ar chlanna óga- ar dhaoine óga?

Tá dhá scór míle mac léinn ag freastal ar na hollscoileanna éagsúla i nGaillimh, cén bealach is fear a bheadh againn sagairt a chur ar fáil agus tuataigh chomh maith, chun tacú agus tógáil ar obair shéiplíneachta sna hollscoileanna seo?

Ar cheart dúinn a bheith ag díriú níos mó ar ullmhú do na sacraimnití? Cén chaoi gur féidir linn gaol níos doimhne a bheith again le lucht an dobróin, na heasláin, na boicht agus iad siúd atá scoite amach ón Eaglais agus ón tsochaí?

Caitheann muid an t-uafás airgid ar ár gcuid foirgneamh- I gcomparáid leis seo, cé mhéad airgid a chaitear ar dhaoine agus ar thionscnaimh athbheochana creidimh?

Deirtear nach neart gur cur le chéile! Nach bhféadfadh grúpaí de pharóistí a d'oibreodh as láimh a chéile I bhfad níos mó a bhaint amach agus iad ag roinnt acmhainní ar a chéile? B'fhearr i bhfad é seo ná iad ag obair ina n-aonar, i mo thuairimse.

**SEO ÁR SEANS AN DEIS A THAPÚ**

Mar fhocal scoir, níl mé éadóchasach nó in ísle brí faoi chúrsaí mar atá. Creidim i mo chroí istigh gur bronnadh na laethanta grástúla seo orainn le go ndéanfaidh muid ár gcion. Is fúinne é na cinntí cearta a dhéanamh, cinntí misniúla le cúnamh Dé, a chuirfeas todhchaí nua glan ar fáil dúinn, athbheochan nua creidimh do na pobail chreidmheach go léir. Is I gcomhthéacs an spioraid seo a chuirim fáilte roimh na cruinnithe seo. Tagaimis le chéile mar rannpháirtithe gníomhach mar ag deireadh an lae, is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.
Míle buíochas ó chroí libh as a bheith anseo. Nár lagaí Dia sibh.

➢ ***Osclaíodh an cruinniú ansin don urlár.*** ➢

- Ceann de na pointí a tháinig chun solais ná an brú oibre atá ar go leor sagart sa lá atá inniu ann.
- Fadhb eile a tháinig chun cinn is ea aois na sagart. Tá tromlach mór na sagart amach sna blianta agus níl mórán sagart óg ar fáil, faraor.
- Shocraigh Paróiste Bhearna agus na bhForbacha fanacht sa gcnuasghrúpa seo agus gan dul isteach i gcnuasghrúpa Mhaigh Cuilinn.
- Is rud iontach tábhachtach é go bhfuil muintir na bparóistí éagsúla ag teacht le chéile. Tugann sé seo deis dúinne, an chléir, éisteacht le tuairimí na bpobal Críostaí éagsúil. Níl anseo ach tús an phróisis. Cuirfear na smaointe agus na tuairimí faoi bhráid an Easpaig. Obair mhall thomhaiste a bheas inti ach is i ndiaidh a chéile a thógtar na caisleáin.
- Chuir bean amháin an cheist: *Cén cineál próisis a bheas i gceist?*
  Dúirt an tAthair Micheál, mar fhreagra ar an gceist seo, go mbeadh sé ar aon dul leis na próisis atá faoi lán seoil sna Deoisí eile.
- Is í an chéad chéim a tógadh ná gur tháinig sagairt uile na Deoise le chéile i Rinn na Spáinneach, Co. an Chláir, le linn mhí Eanáir.
- Ba é tuairim na mná áirithe seo nárbh fhéidir linn leanacht ar aghaidh leis an gcóras mar atá. Níorbh fholáir do gach sagart cúram a dhéanamh dá shláinte. Faoi láthair, tá i bhfad an iomarca brú agus struis ar na sagairt. Is féidir linne, na tuataí, cuid den ualach oibre seo a roinnt lenár sagairt agus is breá an rud é go bhfuil sé seo ag tarlú cheana féin, dar léi.
- D'ardaigh bean eile ceist mhór eile: *Cén chaoi ar féidir an t-aos óg a mhealladh ar ais chuig na hAifrinn?*
  Is é an tuairim a bhí ag fear i leith na ceiste seo ná nach bhfaca seisean aon athrú mór ach amháin nuair a athraíodh ón Aifreann Laidine go dtí an tAifreann Béarla nó Gaeilge. Theastaigh athruithe eile, dar leis. Níl aon óige sásta éisteacht leis na seaniomainn chéanna á rá Domhnach i ndiaidh Domhnaigh, dar leis. Níorbh fholáir seirbhísí beaga bríomhar a chur ar fail. Is minic a bhíonn dearcadh diúltach ag an aos óg i leith na hEaglaise de thoradh na scannal agus araile.
- Teastaíonn athnuachan i gcúrsaí creidimh, dar leis an bhfear seo.
- Bhí fear eile a chuir i gcuimhne dúinn an rud a dúirt an tEaspag: ***Is ar scáth a chéile a mhaireann muid, ní neart go cur le chéile.***
- Bhí roinnt daoine den tuairim go bhféadfadh tuiscint níos fearr a bheith ag na daoine ar chúrsaí spioradálta ach go raibh doiléireacht ag baint go minic leis an liotúirge mar atá faoi láthair.
- Is ceist achrannach eile í an t-ullmhúchán do na sacraimintí agus an ról atá ag tuismitheoirí sa bpróiseas seo. Chaithfí aghaidh a thabhairt ar an ngné seo.
- Tá go leor daoine óga ann nach léir dóibh an tábhacht a bhaineann le cúrsaí spioradálta. Is iad na meáin shóisialta an dia nua atá acu. Tá siad go mór faoi thionchar na meán seo, dar le duine eile.
- Aisteach go leor, má tharlaíonn tragóid, is minic gurb í an Eaglais an tearmann a bhíonn ag daoine, an fhoinse sóláis. Is minic a bhíonn an séipéal plódaithe ar ócáid sochraide. Is é an trua nach mbíonn an teacht le chéile seo le feiceáil chuile Dhomhnach; níl ann ach ceathracha nóiméad, uair sa tseachtain, nuair a thagann an pobal le chéile chun bás agus aiséirí Chríost a cheiliúradh.
- Bhí roinnt daoine a luaigh Cumann Lúthchleas Gael, an tAthair Michael san áireamh. Tá ceangal láidir idir an cumann seo agus an Paróiste. É sin ráite, is minic anois a bhíonn seisiúin traenála nó fiú cluichí ag teacht salach ar amanna na nAifreann. B'fhéidir go bhféadfaí breathnú air seo, dar le roinnt daoine.
- Ba é tuairim an Athar Gerard go raibh an domhan athraithe go mór agus nár mhór don Eaglais athbhreithniú a dhéanamh i gcomhthéacs na n-athruithe seo. B'fhéidir go gcaithfí scaoileadh le roinnt de na struchtúir atá faoi láthair ann, dar leis. Níorbh fhiú, dar leis, leanacht ar aghaidh le sean-mhodhanna nach bhfuil ag obair.
- Nochtadh meascán tuairimí eile: An raibh gá le hAifreann seachtainiúil? An gcaithfidh an sagart chuile rud a dhéanamh nó an bhfuil ról ar fáil do na tuataí? An pobal Críostaí muid gan sagart? An féidir linn dul i gcion orthu siúd, ár gcairde nó fiú ár muintir féin, nach bhfuil ag freastal ar an Aifreann a thuilleadh? Is dúshlán mór é seo – cultúr nua – agus is deacair dul i ngleic leis.

- Tá athrú mór ar shochaí an lae inniu, dar leis an Athair Gerard. Tá aos óg an lae inniu an-tógtha leis na meáin shóisialta, an nua-theicheolaíocht, agus níl ar ár gcumas déileáil leis an athrú sciobtha seo.
- Is é an rud a dúirt an tAthair Daniel ná go dtaobhaíonn go leor daoine an séipéal, fiú iad siúd nach mbíonn ag freastal ar an Aifreann, mar gur tearmann atá ann, áit chiúin atá scoite amach ón bhfuadar, áit ar féidir leo suí sa gciúineadas agus suaimhneas intinne a fháil. Is acmhainn iontach álainn í seo, dar leis an Athair Daniel.

***Seo anois na moltaí a tháinig ó Pharóiste Bhearna agus na bhForbacha:***

1. Ba chóir go meadh an coiste stiúrtha comhdhéanta  de thuataí, an chléir, mná agus fir.
2. Seo an sainmhíniú ar pharóiste ach ní foláir go mbeadh duine amháin ina threoraí, ina sholas, ina inspioráid agus go mbeadh comhoibriú bisiúil i measc na rannpháirtithe agus muinín acu as an treoraí nó as an tréadaí.
3. Cén chaoi ar féidir leis an Deoise cabhrú leis na pobail pharóisteacha fás agus a bheith bríomhar beoga mar phobail chreidmheacha?
    - Atreisiú a dhéanamh ar stádas an phobail pharóistigh.  Ba chóir gurb é an pobal paróisteach bheadh lárnach i gcur chun cinn an chreidimh (*Catechesi tradendae* 60).
    - Ní foláir athmhachnamh a dhéanamh ar oiliúint reiligiúnach daoine fásta? (*Catechesi tradendae*).
    - An mhinistreacht pharóisteach: Oiliúint dheoiseach a chur ar fáil do bhaill an phobail a bheas i mbun na ndualgas eaglasta: guí an phobail, an Chomaoineach Naofa, cuairteanna ar na heasláin, cúram dóibh siúd atá ar leaba a mbáis, sochraidí, baistí, póstaí, agus cuairteanna ar thithe altranais.
4. B’fhiú go mór plé a dhéanamh ar cheist na ndéagánach i nDeoise na Gaillimhe.  Sna comhráite sionaid atá ar siúl faoi láthair, beidh mná san áireamh maidir leis an athbhreithniú ar stádas na ndéagánach.
5. Moladh go mbunófaí Comhairle Thréadach Dheoiseach.
6. Moladh go mbeadh oiliúint ar fáil do shéiplínigh thuata ospidéil.

Dúradh nárbh fholáir na hionadaithe paróisteach a choinneáil ar an eolas maidir leis na moltaí a thiocfadh chun cinn agus chomh maith leis sin, go rechfaí i gcomhairle leo dá mba ghá.

**An tEaspag:**

Is mór ag an Easpag rannpháirtíocht an phobail. Bhí fiúntas ag baint leis an gcruinniú. Tá an tEaspag ag teacht lena raibh le rá faoi leasuithe a bheadh le déanamh. Tuigeann an tEaspag nach féidir leis féin ná leis na sagairt feidhmiú go héifeachtach gan rannpháirtíocht an phobail. Tá an-dúshlán ag baint leis na struchtúir nua a bheas le cruthú ar mhaithe le todhchaí na hEaglaise, dar leis.